AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.5.2018
SWD(2018) 184 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

maidir le faisnéis leictreonach ar iompar lastais

{COM(2018) 279 final} - {SEC(2018) 231 final} - {SWD(2018) 183 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair maidir le Togra le haghaidh Rialacháin maidir le cumarsáid leictreonach um fhaisnéis agus um dhoiciméadúchán iompair lastais

A. An gá atá le beart

Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

De dheasca méid íseal agus éagsúil údaráis na mBallstát maidir le glacadh le faisnéis nó doiciméid a chuireann gnólachtaí in iúl ar mhodh leictreonach, i gcás go gcuirtear ar fáil iad mar chruthúnas ar chomhlíonadh coinníollacha rialála le haghaidh iompar earraí, b'fhearr le formhór na n-oibreoirí eacnamaíocha doiciméid pháipéir a úsáid. Cailltear acmhainneacht eacnamaíoch mar thoradh air sin, de dheasca neamhéifeachtúlachta.

Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

Úsáid níos leithne teicneolaíochtaí digiteacha a éascú chun ceanglais um fhaisnéis rialála a chomhlíonadh sa reachtaíocht reatha is infheidhme maidir le hiompar earraí in AE, i ngach modh iompair. Laghdófar an t-ualach riaracháin d'oibreoirí lóistíochta, agus éascófar iompar ilmhódach. Meastar go mbeidh glantairbhí foriomlána dar luach EUR 27 billiún i gceist thar 2018-2040*.

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

Le tionscnaimh aontaobhacha arna ndéanamh ag na Ballstáit d'fhéadfadh sé go méadófaí leibhéal dhigitiú an mhalartaithe faisnéise rialála, ach beidh a n-éifeacht teoranta i gcás nach ndéanfar gníomh comhchosúil trasna na dteorainneacha. Lena chois sin d'fhéadfadh tionscnaimh aontaobhacha an creat reatha dlíthiúil agus teicniúil a ilroinnt tuilleadh, agus an chastacht le haghaidh ghnólachtaí AE a mhéadú.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?

Breithníodh ceithre rogha bheartais, atá éagsúil óna chéile ó thaobh raon feidhme na hidirghabhála de, is é sin, réimse na ndoiciméad agus na faisnéise rialála ar iompar lastais atá cumhdaithe faoi oibleagáid maidir le glacadh na n-údarás, agus ar neart rialála na mbeart éagsúil.

Cinneadh go bhfuil dhá rogha bheartais, roghanna 3 agus 4, ar na cinn is éifeachtaí chun na cuspóirí beartais a bhain amach. Áirítear ar na roghanna sin raon feidhme leathan d'fhaisnéis rialála agus líon sách níos airde ceanglas ceangailteach, atá sainithe níos fearr maidir le glacadh le faisnéis leictreonach. Is é rogha 3 an rogha thosaíochta, ina gcuirtear san áireamh rogha na bpáirtithe leasmhara maidir le cur chuige a oireann do chách a sheachaint.

Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo

Tacaíonn formhór páirtithe leasmhara le raon feidhme idirghabhála rialála níos leithne i gcomhthéacs: (a) an doiciméadúchán/an fhaisnéis atá cumhdaithe faoin oibleagáid um ghlacadh ag údaráis; agus (b) méid na sonraíochta um cheanglais cheangailteacha chun idir-inoibritheacht na réiteach TF a úsáidtear a áirithiú. Níl páirtithe leasmhara sna hearnálacha iarnróid agus eitlíochta i bhfabhar caighdeáin theicniúla úra nó réitigh a oireann do chách, áfach, faoi mar a mholtar i rogha 4.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Táthar ag súil go sábhálfar EUR 20-27 billiún sa tionscal thar 2018-2040*, mar gheall ar laghdú ar na costais riaracháin. Is ionann é sin agus 75-102 milliún uair a shábháil gach bliain.

Táthar ag súil le tionchair dhearfacha comhshaoil chomh maith, i ngeall ar laghdú ar chion módach an iompair ar bhóithre. I dtéarmaí carnacha, meastar go dtiocfaidh laghdú os cionn 1,300 míle tona ar choigiltis astaíochtaí CO2 thar 2018-2040*, arb ionann é sin agus coigiltis EUR 74 milliún ar na coigiltis ar chostais sheachtracha. Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú beagnach EUR 300 milliún* ar chostais bhrú tráchta thar an tréimhse chéanna. Chomh maith leis sin, mura ndéanfaí 1-5 cóip ar an meán de gach doiciméad in aghaidh an lastais a phriontáil níos mó, shábhálfaí thart ar 2-8 billiún bileog pháipéir, nó coibhéis thart ar 180-900 míle crann gach bliain.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Meastar na costais d'údaráis phoiblí ag thart ar EUR 268 milliún thar 2018-2040*, a bhaineann EUR 17 milliún de le deimhniú soláthraithe réiteach, agus EUR 251 milliún de le forfheidhmiú. Beifear ag súil leis na húdaráis náisiúnta infheistíocht a dhéanamh i gcórais úra TF, nó na córais atá ann a choigeartú.

Le haghaidh gnólachtaí, táthar ag súil go mbeidh na costais um chomhlíonadh thart ar EUR 4.4 billiún.

D'fhéadfadh na tionchair fostaíochta bheith beagáinín diúltach i gcás go gcuirtear pearsanra ar iomarcaíocht mar gheall ar laghdú ar ghníomhaíochtaí bainistíochta doiciméad. Déanfar é sin a fhritháireamh leis an bhfás foriomlán san earnáil. Is dóigh go dtiocfaidh níos mó deiseanna as an éileamh níos mó ar réitigh agus ar chórais TF do na soláthraithe TF, rud a mbeidh méadú ar fhostaíocht ardoilte mar thoradh air.

D'fhéadfadh mionseachtrachtaí diúltacha tarlú ón méadú ar thruailliú aeir ó iompar d'uisce, rud atá measta ag thart ar EUR 41 milliún thar 2018-2014*.

Cén tionchar a bheidh ar ghnólachtaí, ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar mhicreaghnóthais?

Beidh rogha ag gnólachtaí, lena n-áirítear FBManna, faoi chomh gasta agus a dhéanfar a bpróisis ar pháipéar a dhigitiú. Má bhítear cinnte go nglacfar le doiciméid leictreonacha/faisnéis leictreonach spreagfar digitiú. Táthar ag súil cheana go sábhálfar airgead le hinfheistíochtaí aonuair laistigh den chéad bhliain, de dheasca níos lú ama a bheith á chaitheamh ar ghníomhaíochta tuairisciú um chomhlíonadh rialála agus feabhas foriomlán ar éifeachtacht. Táthar ag súil go mbainfidh oibreoirí iompair ar bhóithre, arb ionann thart ar 99 % díobh agus FBManna, leas as thart ar 60% d'iomlán na gcoigilteas i gcostais riaracháin an tionscail ar fad.

An mbeidh tionchair shuntasacha ar na buiséid náisiúnta agus an riarachán náisiúnta?

Beifear ag súil le lucht riaracháin náisiúnta infheistíocht a dhéanamh i gcórais úra TF, nó na córais atá ann a choigeartú. Ní dóigh go mbeidh na costais sin suntasach. Ag an am céanna, beidh forfheidhmiú agus sábháil ar bhealach níos fearr ar ghnáthchostais laethúla do ghnólachtaí mar thoradh ar an gcaitheamh EUR 268 a bhaineann le forfheidhmiú.

An mbeidh tionchair shuntasacha ar bith eile i gceist?

Táthar ag dúil go n-éireoidh iompar lastais trasna teorainneacha agus idir modhanna níos éasca agus níos saoire. D'fhéadfadh sé sin a bheith ionann le hagaí seachadta níos gaiste agus praghsanna níos ísle do thomhaltóirí. Le haghaidh oibreoirí iompair, bheadh na coigiltis ar chostais oibriúcháin ionann le thart ar EUR 12 billiún thar 2018-2040*.

D. Iarmheasúnú

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Déanfar meastóireacht ar an mbeartas laistigh de 5 bliana ó dháta tosaigh chur i bhfeidhm an bhunghnímh dhlíthiúil. Déanfar monatóireacht ar an gcur chun feidhme i bhfoirm faisnéis a bhailiú ó na Ballstáit ar bhonn dhá bhliain.

***** I gcoibhneas leis an mbonnlíne, i.e. i gcomparáid le cás nach ndéantar idirghabháil bheartais ar leibhéal AE.